# Tuarascáil Bhliantúil Oiliúna EASO 2020

## Achoimre Feidhmiúcháin



# Tuarascáil Bhliantúil Oiliúna EASO 2020

## Achoimre Feidhmiúcháin

IS É AN MISEAN ATÁ AGAINN TACAÍOCHT A THABHAIRT

Íomhá an chlúdaigh: iStock, An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

Deilbhíní agus léaráidí: iStock, Microsoft 365, An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

Ní bheidh An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ná duine ar bith ag feidhmiú thar ceann EASO freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

PDF ISBN 978-92-9465-168-6 doi:10.2847/846066 BZ-08-21-144-EN-N

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2021

Is ceadmhach seo a atáirgeadh má thugtar aitheantas don fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.



# Brollach




Bhí dúshláin le sárú againn le bliain anuas nach bhféadfaí a leithéid a shamhlú díreach 18 mhí ó shin. Bhí tionchar suntasach ag na hathruithe ar ár modh oibre agus ar modh oibre institiúidí ar gach earnáil, ní hamháin an réimse tearmainn. Chiallaigh srianta taistil, dúnadh calafort agus bearta scartha fhisiciúil go mb'éigean do gach gníomhaí a gcuid socruithe oibre a chur in oiriúint go tapa d'fhonn a chinntiú go bhféadfadh daoine a raibh cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu leanúint le próisis tearmainn a rochtain fad is a bhíothas ag cloí le gach prótacal sláinte agus sábháilteachta.

Fiú amháin i rith na tréimhse dúshlánaí seo, theastaigh ó EASO leanúint le hathruithe riachtanacha a chur chun feidhme d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí leanúint ar aghaidh ag tacú le riaracháin náisiúnta tearmainn agus glactha. Go sonrach, san fhearann oiliúna, bhain foireann EASO úsáid go tapa as réitigh ar líne seachas seisiúin aghaidh ar aghaidh trí sheimineáir ghréasáin, agus ar an tslí sin éascaíodh soláthar leanúnach oiliúint EASO sa chomhthéacs nua seo. Chomh maith leis sin, threisigh sé ár n-acmhainn inmheánach féin i dtéarmaí oiliúnóirí inmheánacha chun cabhrú le agus tacú le saineolaithe imlonnaithe náisiúnta le seisiúin oiliúint don oiliúnóir agus seisiúin oiliúna oibríochtúla.

Nuair a thosaigh mé ag obair mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO, cuireadh tús le hathstruchtúrú inmheánach na Gníomhaireachta, a raibh bunú Ionad atá dírithe go sonrach ar Oiliúint EASO dá bharr - an tIonad um Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil (TPDC). Cuirfidh TPDC ar chumas EASO leanúint le caighdeán agus barr feabhais a áireamh ag croílár a ghníomhaíochtaí oiliúna agus ag an am céanna acmhainní oiliúna a leithdháileadh ar an mbealach is fearr agus is féidir.

Cúis bhróid dom a léiriú san eagrán seo de Thuarascáil Bhliantúil Oiliúna 2020, ainneoin an dúshláin a chruthaigh an phaindéim leanúnach, go raibh ar chumas EASO freagairt go tapa do na hathruithe agus leanúint le hardleibhéil oiliúna a sholáthar i rith 2020, agus gur tugadh méadú 5 % faoi deara sa líon clárúchán a bhain le modúil Churaclam Oiliúna EASO i gcomparáid le 2019. Éagsúil leis na heagráin a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo, ní hamháin go dtarraingítear aird sa tuarascáil seo ar uimhreacha, tarraingítear aird ar réimsí tábhachtacha de ghníomhaíochtaí TPDC agus tagraítear do chuid de na forbairtí a bhfuil súil leo i gcomhthéacs oiliúint EASO as seo go ceann bliana.

Le bliain anuas, lean EASO leis an Straitéis Oiliúna agus Foghlama ar ghlac Bord Bainistíochta EASO léi in 2019 a chur chun feidhme. Is gearr go nglacfar leis seo mar chreat dearbhaithe cáilíochta feabhsaithe le haghaidh oiliúint EASO, a bheidh mar bhonn le seasamh EASO a chomhdhlúthú, de réir a rialacháin bhunaidh, mar lárionad saineolais i ndáil le gach ceist a bhaineann le tearmann. Áiritheoidh an creat dearbhaithe cáilíochta nua seo go mbeidh an foghlaimeoir i gcónaí ag croílár ghníomhaíochtaí oiliúna EASO, agus de réir chaighdeáin agus threoirlínte oiliúna agus oideachais Eorpacha, a áirithíonn freisin go gcothabháiltear agus go bhfeabhsaítear caighdeáin oiliúna sa timthriall oiliúna.

Nuair a bheidh an clár uaillmhianach seo á sholáthar, leanfaidh EASO ag brath ar obair luachmhar saineolaithe atá ag obair d'údaráis náisiúnta tearmainn agus ghlactha, a chuirtear ar fáil, de réir phrionsabal na dlúthpháirtíochta, do na Ballstáit ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i soláthar oiliúint EASO. Is féidir leis an obair atá á déanamh acu, i dteannta leis an obair atá á déanamh ag príomhpháirtithe leasmhara eile idirnáisiúnta, rialtasacha agus neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gceart tearmainn, imirce agus bunúsach, a áirithiú gur féidir le EASO leanúint ar aghaidh ag cabhrú le Ballstáit den AE agus comhpháirtithe tríú tíortha cur le hacmhainn agus le hathléimneacht a gcóras náisiúnta tearmainn agus leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn trí chéile.

**Nina Gregori**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

# Réamhrá


I *dTuarascáil Bhliantúil Oiliúna EASO 2020* soláthraítear nuashonrú maidir leis na torthaí a baineadh amach i rith na bliana. Cuimsítear ina measc seo tuairisciú maidir le gníomhaíochtaí oiliúna agus garspriocanna comhlíonta mar thoradh ar a Straitéis Oiliúna agus Foghlama a bheith á cur chun feidhme ag an Ionad um Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil (TPDC). Tarraingítear aird san Achoimre Feidhmiúcháin seo ar na buaicphointí.

Dírítear sa tuarascáil seo ar théamaí sonracha cosúil le gníomhaíochtaí oiliúna a chur in oiriúint mar fhreagairt do phaindéim COVID-19; tabhairt chun críche Chreat Cáilíochtaí Earnálacha na hEorpa; athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO; agus forbairt measúnuithe mar chuid den obair ullmhúcháin a bhaineann le rolladh amach incriminteacht oiliúint dheimhnithe. Garsprioc thábhachtach in 2020 ba ea forbairt Chreat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna EASO, ina soláthraítear treoirlínte d'fhonn a chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin oiliúna á gcothabháil agus á bhfeabhsú ar bhonn comhsheasmhach i ngach réimse den timthriall oiliúna.

# 1. Forléargas ar na gníomhaíochtaí oiliúna i bhfigiúirí

In 2020, bhí an líon iomlán rannpháirtíochtaí ([1]) a ghlac páirt i seisiúin oiliúna EASO cothrom le 7 910. Mhéadaigh oiliúint i modúil Churaclam Oiliúna EASO 5 % i dtéarmaí rannpháirtíochtaí. Ní raibh aon tionchar ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme Churaclam Oiliúna EASO a bhuíochas leis an aistriú rathúil chuig oiliúint fhíorúil. Ar an láimh eile, laghdaigh rannpháirtíochtaí i ngníomhaíochtaí oiliúna laistigh de phleananna oibriúcháin a cheanglaíonn níos mó gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh (cúrsaí caighdeánacha, oiliúint le linn na hoibre agus cúrsaí saincheaptha), 58 %. Bhí sé seo mar bhonn le laghdú 11 % i gcomparáid le 2019.

## Príomhfhigiúirí le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna EASO in 2020




([1])Déanann oiliúint EASO comhaireamh ar rannpháirtíocht in oiliúint. Ciallaíonn sé seo go mbeidh duine aonair a fhreastalaíonn ar roinnt seisiún oiliúna á c(h)omhaireamh roinnt uaireanta.



# 2. Sa spotsolas

### Anailís ar riachtanais oiliúna – Creat Cáilíochtaí Earnálacha na hEorpa le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha agus Uirlis um Anailís ar Riachtanais Oiliúna EASO

Tá Curaclam Oiliúna EASO deartha go sonrach chun gairmoiliúint choiteann a sholáthar d'oifigigh thearmainn agus ghlactha a oibríonn i mBallstáit den Aontas Eorpach. Bunaithe ar éagsúlacht (méid agus struchtúr eagraíochtúil) na n-eagraíochtaí atá freagrach as tearmann agus glacadh ar fud na hEorpa, áfach, mhapáil EASO, le tacaíocht ó na Ballstáit, na dualgais agus na cúraimí ar fad a bhaineann go sonrach leis an earnáil d'fhonn a chinntiú go bhfuil an oiliúint atá á dearadh agus á soláthar againn ailínithe leis an bpost atá le cur i gcrích. Is é Creat Cáilíochtaí Earnálacha na hEorpa (ESQF) d'oifigigh thearmainn agus ghlactha toradh na hoibre, a cuireadh i gcrích in 2020. Sa chreat seo cuirtear na cúraimí a bhaineann le poist i gcatagóirí de réir réimsí inniúlachta agus leibhéil chastachta agus déantar cur síos ar an eolas, na scileanna, na freagrachtaí agus an neamhspleáchas a theastaíonn chun na cúraimí a chur i gcrích. Tá siad seo ailínithe leis an bhfoghlaim a theastaíonn d'fhonn a áirithiú gur féidir le hoifigigh thearmainn agus ghlactha a gcuid dualgas a chur i gcrích go héifeachtach agus de réir an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn. D'fhéadfadh an ESQF cabhrú le bearnaí san oiliúint atá á soláthar againn a shainaithint. Úsáidtear an ESQF i rith an timthrialla oiliúna (i gcomhar anailís riachtanas, dearadh agus forbairt, cur chun feidhme agus meastóireacht, etc.) lena áirithiú go bhfuil an oiliúint atá á soláthar againn solúbtha agus cruinn i gcomhthéacs na bpost atá le cur i gcrích.

Úsáideadh an ESQF chun uirlis idirghníomhach agus éasca le húsáid a fhorbairt ina moltar conairí foghlama atá dírithe ar riachtanais oiliúna – Uirlis Anailíse um Riachtanais Oiliúna EASO (ETNAT). I ndiaidh don úsáideoir na cúraimí poist atá curtha i gcrích a ionchur, úsáidtear algartam chun modúil chomhfhreagracha ó Churaclam Oiliúna EASO a roghnú, atá rangaithe in ord ábharthachta. Seoladh céim phíolótach ETNAT ag deireadh 2020 agus tá riaracháin tearmainn agus glactha Ballstát ag cabhrú le EASO gnéithe ETNAT a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go bhfuil inúsáideacht agus breisluach uasta á soláthar.

### Anailís ar riachtanais oiliúna – sampla praiticiúil le EASO–An Spáinn measúnú comhpháirteach tapa ar riachtanais oiliúna

I rith na ráithe deiridh de 2020, ghlac TPDC páirt iomlán san obair a bhí mar bhonn le plean oibriúcháin 2021 a bheith á shíniú leis an Spáinn.

Scrúdaigh EASO agus údaráis na Spáinne réimsí comhoibrithe agus an fhéidearthacht go bhféadfadh EASO tacú le hAireacht na Spáinne um Chuimsiú, Slándáil Shóisialta agus Imirce i ndáil le glacadh. I ndiaidh réimsí tosaíochta poitéinsiúla a shainaithint le haghaidh comhair, reáchtáladh measúnú comhpháirteach tapa ar riachtanais thar thréimhse 6 seachtaine. Deimhníodh sa mheasúnú seo na réimsí tacaíochta le húdaráis na Spáinne agus le gach páirtí leasmhar ábhartha. Mar chuid den phróiseas a bhain le riachtanais oiliúna a shainaithint, mapáladh na cúraimí a chuir oifigigh ghlactha na Spáinne i gcrích le réimsí inniúlachta in ESQF. Trí thorthaí foghlama ábhartha a shainaithint, is féidir tacaíocht oiliúna a chuirfear ar fáil amach anseo a phleanáil trí úsáid a bhaint as modúil oiliúna reatha nó oiliúint ad hoc atá dírithe ar riachtanais shonracha. Chomh maith leis sin, forbraíodh an chéad bhreac-chuntas de phacáiste oiliúna a bhféadfadh spéis a bheith ag na spriocghrúpaí sainaitheanta ann.

### Cur chuige nua maidir le dearadh agus forbairt – conairí foghlama solúbtha foghlaimeoirlárnach

In 2020, lean TPDC ag obair ar ailíniú leis na Caighdeáin agus Treoirlínte le haghaidh Dearbhaithe Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa. I gcleachtas, chiallaigh sé seo go raibh gá le modheolaíocht dearaidh nua. Tá teimpléid deartha modúil forbartha ag TPDC le haghaidh gach modúl d'fhoghlaimeoirí. Sainaithnítear i ngach teimpléad, de réir ESQF, aidhm an mhodúil, an spriocphobal meáin, cúraimí poist agus torthaí foghlama. Bunaithe air seo, glactar le straitéis measúnaithe spriocdhírithe i ngach modúl deimhnithe. Cuirtear cur chuige na dtorthaí foghlama i bhfeidhm i rith athstruchtúrú an Churaclaim Oiliúna chun conairí foghlama níos solúbtha a cheadú.

#### Modúil a forbraíodh in 2020

- Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint.
- Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.
- Glacadh daoine leochaileacha: sainaithint leochaileachta agus soláthar tacaíocht thosaigh (Bloc A) agus measúnú riachtanas agus dearadh idirghabhálacha (Bloc B).

#### Modúil uasghrádaithe in 2020

- Measúnú fianaise.
- Eisiamh – atá ainmnithe mar 'Cur i bhfeidhm clásal eisiaimh i ndáil le daoine nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta tuillte acu'.

## 3. Réitigh oiliúna fíorúla



Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar oiliúint EASO ar go leor bealaí éagsúla. Nuair a cuireadh gach gníomhaíocht oiliúna aghaidh ar aghaidh ar fionraí, chuaigh TPDC i ngleic leis an dúshlán agus chuaigh sé in oiriúint go tapa chun oiliúint fhíorúil a sholáthar. Tharla sé seo i gcomhthráth le méadú ar an líon daoine a bhí ag clárú le haghaidh oiliúint EASO i rith mhíonna tosaigh na paindéime.

Bhí na seisiúin ar líne ar chóras bainistíochta foghlama EASO fós oscailte mar a bhí pleanáilte agus cláraíodh rannpháirtithe sa ghnáthbhealach. Mar a tharlaíonn i gcás sheisiúin oiliúna don oiliúnóir EASO, cuireadh an ghné a bhain leis an oiliúint aghaidh ar aghaidh ar fionraí go dtí go bhfógraítear a mhalairt. Cuireadh ceisteanna, freagraí agus fóraim ghinearálta plé i láthair i ngach cúrsa staidéir ar líne, agus ba é an aidhm a bhí ann deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu do na hoiliúnóirí. Ina theannta sin, cuireadh deiseanna cleachtaidh leis na cúrsaí staidéir ar líne ar mhaithe leis an eispéireas foghlama a fheabhsú nuair nach bhféadfaí na seisiúin aghaidh ar aghaidh a reáchtáil.

### Oiriúnú d'oiliúint fhíorúil – réitigh theicniúla a aimsiú

Comhthreomhar leis seo, chuir TPDC measúnú agus tástáil thapa ar réitigh chianda i bhfeidhm chun tacú le soláthar na hoiliúna bunaithe ar na huirlisí atá ar fáil agus na gnéithe a bhaineann leo. Ba é a bhí mar thoradh air seo oiliúint shioncronach fhíorúil i bhfoirm seimineár gréasáin. Ag freagairt don ghá a bhí leis an mbosca uirlisí ríomhfhoghlama le haghaidh oiliúint shioncronach fhíorúil a fheabhsú, chuir TPDC taighde margaidh i gcrích ar mhaithe le teacht ar réitigh theicniúla mhalartacha agus chomhlántacha agus cuireadh lámhleabhar teicniúil i dtoll a chéile atá dírithe ar na feidhmchláir is coitianta atá in úsáid ag oiliúnóirí inmheánacha.



### Ó sheisiúin aghaidh ar aghaidh go réitigh fhíorúla – léargas praiticiúil

Eagraíodh seimineáir ghréasáin idirghníomhacha seachas seisiúin oiliúna aghaidh ar aghaidh agus d'fhorbair TPDC réitigh fhíorúla ad hoc (i.e. seimineáir ghréasáin maidir le cinntí leasa is fearr, agallóireacht chianda agus tacú le folláine foirne i rith COVID-19).

### Sástacht

Chuir 91 % de na rannpháirtithe a ghlac páirt i gcuid de na seisiúin oiliúna is tábhachtaí in iúl go raibh siad sásta tríd is tríd, agus thug 86 % le fios go raibh siad sásta leis an úsáid a baineadh as an ardán fíorúil. Is léir ó aiseolas na rannpháirtithe go raibh ag éirí le hoiliúnóirí EASO eolas agus scileanna a roinnt fiú amháin nuair a bhíothas ag déileáil le dúshláin gan choinne in 2020.

## 4. Ag ullmhú don todhchaí – Straitéis Oiliúna agus Foghlama EASO a chur chun feidhme



### Creat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna

I rith 2020, rinne TPDC go leor oibre le pointí teagmhála náisiúnta oiliúna agus leis an Meitheal Deimhnithe agus Chreidiúnaithe chun tuilleadh sainithe agus forbartha a dhéanamh ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna EASO. Is é toradh na hoibre seo go bhfuil Dréachtchreat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna forbartha ina sonraítear na príomhphrionsabail treorach atá mar bhonn leis an gcóras dearbhaithe cáilíochta seo. Ba cheart go mbeadh an creat mar bhonn le hailíniú iomlán a áirithiú le Caighdeán agus Treoirlínte Eorpacha le haghaidh Dearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa, agus ba cheart breithniú ar shainordú agus misean sonrach EASO a chur san áireamh freisin.

De réir mar a bheidh an Creat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna á chur chun feidhme, beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas á gcur i gcrích:

- tá modheolaíocht chaighdeánach le haghaidh anailís riachtanas oiliúna á forbairt;
- tá modh nua á fhorbairt le haghaidh dearadh agus forbairt modúl;
- deimhniú oiliúnóirí;
- seolfar modúl deimhnithe lena n-áirítear measúnuithe agus oiliúint don oiliúnóir;
- tá tacaíocht feabhsaithe curtha ar fáil d'fhoghlaimeoirí;
- tá modheolaíocht mheastóireachta á forbairt.

### Athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO

Le bliain anuas, lean TPDC le Curaclam Oiliúna EASO a athstruchtúrú, a nglacfar leis anois mar ghné de níos mó modúl beag. Éascóidh an struchtúr nua foghlaim trína áirithiú nach mbeidh ar fhoghlaimeoirí tabhairt faoi fhoghlaim an athuair nó páirt a ghlacadh i bhfoghlaim nach bhfuil riachtanach.

#### Cúrsaí ábhar téamach a fhorbairt d'oiliúnóirí

Tá téama foghlama coiteann ag na croí-mhodúil i ndáil le dualgais agus cúraimí na gcásoifigeach a bheidh i mbun oibre amach anseo. Beidh scileanna agus eolas breise ag oiliúnóirí a chuirfidh ar a gcumas tacú le foghlaimeoirí i rith a n-aistir foghlama. Cuirfear an cur chuige téamach céanna i bhfeidhm, más féidir, nuair a bheidh ábhar na gcúrsaí le haghaidh oiliúnóirí modúl difriúil á dhearadh.

### Forbrófar modúil maidir le Feidhmiú mar mheasúnóir EASO, Feidhmiú mar oiliúnóir EASO agus feidhmiú mar Chóitseálaí EASO


Leanfaidh EASO ag tacú le hoiliúnóirí le tacar modúl sonrach chun iad a threorú ina róil mar mheasúnóirí, cóitseálaithe agus saineolaithe teagascacha.

### Forbrófar bunmhodúil (agus measúnú) agus seolfar croímhodúil agus bunmhodúil

Seolfaidh EASO bunmhodúil nua agus croímhodúil athstruchtúraithe d’fhoghlaimeoirí.

### Athchóiriú agus uasghrádú an chórais bainistíochta foghlama

In 2020, rinne TPDC obair ullmhúcháin chun a chóras bainistíochta foghlama a athsheoladh (pleanáilte don chéad ráite de 2021), d’uasghrádaigh sé a leagan tacaíochta fadtéarmach is déanaí agus tá cuma úrnua air atá ag teacht le hamharc-aithne nuashonraithe EASO.




Tá torthaí suntasacha bainte amach a bhuíochas le hathsheoladh ardán oiliúna EASO mar an leagan tacaíochta fadtéarmach is déanaí, an t-ardán anailísíochta gréasáin, forbairt gréasán gairmithe ríomhfhoghlamtha i ngníomhaireachtaí AE agus fíordheimhniú úsáideoirí deiridh le tacar amháin d’fhaisnéis aitheantais.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh